# **Ag Aistriú:** Ag Gluaiseacht ón Réamhscoil go dtí an Bhunscoil

## Comhghníomhaíochtaí aistrithe do naíonraí agus bunscoileanna

Cabhraíonn dea-chaidreamh idir réamhscoileanna agus bunscoileanna le haistriú dearfach do pháistí. Tacaíonn gníomhaíochtaí aistrithe le cleachtóirí agus le múinteoirí ó thaobh na nithe seo a leanas:

- caidrimh phroifisiúnta a chothú agus saineolas a roinnt.
- eolas tábhachtach a roinnt maidir le foghlaim agus forbairt páistí an bhliain sula dtéann siad ar scoil.
- oibriú le chéile agus tuiscint níos fearr a fháil ar thimpeallacht foghlama, curaclam agus oideolaíocht a chéile.
- comhimeachtaí a eagrú do pháistí agus do thuismitheoirí.

### Gníomhaíochtaí aistrithe

D'fhéadfaí cuairteanna cómhalartacha a eagrú – d'fhéadfadh an cleachtóir cuairt a thabhairt ar sheomra ranga na naíonán sóisearach agus d'fhéadfadh an múinteoir cuairt a thabhairt ar an réamhscoil.

D'fhéadfadh an cleachtóir agus na páistí cuairt a thabhairt ar an scoil chun cabhrú leis na páistí dul i dtaithí ar thimpeallacht na scoile.

D'fhéadfadh an réamhscoil, ach cead tuismitheoirí/caomhnóirí a fháil, eolas a roinnt leis an scoil maidir le foghlaim agus forbairt na bpáistí, ag baint úsáide as Teimpléid Thuairiscithe *Mo Scéal: Ag Gluaiseacht ón Réamhscoil go dtí an Bhunscoil.*

Le linn an téarma dheireanaigh, d'fhéadfadh an múinteoir agus an cleachtóir comhimeachtaí a eagrú do na páistí:

- dul go dtí go páirc áitiúil le haghaidh picnic béiríní.
- maidin/tráthnóna spóirt sa scoil.
- turas go hionad áitiúil (Stáisiún na nGardaí, Stáisiún Dóiteáin, Clós Súgartha, Feirm Peataí).

D'fhéadfadh an múinteoir agus an cleachtóir comhsheisiún eolais a eagrú do thuismitheoirí/do chaomhnóirí le smaointe a roinnt maidir leis an gcaoi ar féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí cabhrú lena bpáistí a bheith ullamh don bhunscoil agus leis na difríochtaí agus na cosúlachtaí idir an naíonra agus an bhunscoil a mhíniú.

D'fhéadfadh an cleachtóir cuairt a thabhairt ar na páistí sa scoil san fhómhar go bhfeicfeadh sé/sí cén chaoi a bhfuil ag éirí leis na páistí socrú isteach.